

Éire




An Roinn Dlí agus Cirt,
Gnóthaí Baile agus Imirce
Department of Justice,
Home Affairs and Migration



AN tEOLAS IS GÁ A BHEITH AGAT FAOIN RIALACHÁN MAIDIR LE BAINISTIÚ TEARMAINN AGUS IMIRCE

Cineál A

IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA



IRISH

Cén fáth a bhfuil an bróisiúr seo á fháil agat?	3
Cad is cosaint idirnáisiúnta ann agus cé atá in ann í a fháil?	3
Cad é an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce?	4
Cad is athshocrú ann?	5
Do chearta agus tú ag fanacht ar chinneadh maidir le cén tír AE+ a scrúdóidh d'iarratas	6
Cá háit ar cheart duit fanacht nuair a bhíonn tú ag fanacht ar chinneadh maidir le cén tír AE+ a scrúdóidh d'iarratas?	8
Cad a bhfuiltear ag súil leis uaitse sa phróiseas seo?	8
Cad iad na doiciméid nach mór duit a thaispeáint?	9
Cén fáth a bhfuil oibleagáid ort do mhéarloirg a thabhairt agus do ghrianghraf a ghlacadh?	10
Céard iad na hiarmhairtí mura gcomhlíonann tú do chuid oibleagáidí?	11
Cad is brí le coinneáil?	12
Conas a chinneann na húdaráis cén tír AE+ a scrúdóidh d'iarratas?	13
D'fhéadfaí tú a chur faoi agallamh chun cabhrú leat a thuiscint cén tír AE+ a scrúdóidh d'iarratas	16
An ndéantar agallamh i gcónaí?	18
Cén fhianaise is féidir leat a chur ar fáil chun a chruthú go bhfuil teaghlach agat i dtír AE+ eile?	19
Cá fhad a thógfaidh an próiseas?	20
Céard a tharlóidh má tá iarratas déanta agat cheana féin ar chosaint idirnáisiúnta i dtír AE+ eile?	21
Cad a tharlaíonn nuair a dhéantar an cinneadh?	22
An fhaisnéis a theastaíonn uait faoin nós imeachta achomhairc (nuair a bhíonn éifeacht fionraíochta agus achomhairc shubstainteacha scartha)	24
Cad iad na sonraí pearsanta a bhaileofar?	25
Cad iad na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta?	25

➤ CÉN FÁTH A bhFUIL AN BRÓISIÚR SEO Á FHÁIL AGAT?

D'iarr tú cosaint idirnáisiúnta (ar a dtugtar tearmann freisin) i gceann den 31 tír AE+. Ciallaíonn sé sin gur iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta thú anois.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tír AE+ eile freagrach as d'iarratas a scrúdú. Tá tú ag fanacht leis an gcinneadh sin anois.

Tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcomhoibríonn tíortha AE+ toisc go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh do cén tír a scrúdóidh d'iarratas.

Gheobhaidh tú an fhaisnéis uile is gá sa bhróisiúr seo.

➤ CAD IS COSAINT IDIRNÁISIÚNTA ANN AGUS CÉ ATÁ IN ANN Í A FHÁIL?



D'fhéadfadh cosaint idirnáisiúnta a bheith de dhíth ort mura féidir leat filleadh ar do thír féin toisc go bhfuil eagla ort roimh ghéarleanúint nó go bhfuil tú i mbaol dáiríre díobhála tromchúisí. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbeadh do shaol nó do shaoirse i mbaol agus nach gcosnóidh údaráis do thíre tú ón gcontúirt atá romhat.

Gheobhaidh tú tuilleadh faisnéise faoi chosaint idirnáisiúnta i mbróisiúr ar leith.

Tá tú anois i/in/sa/san Poblacht na hÉireann ar tír AE+ í.

Is iad seo a leanas na tíortha AE+:



27 mBallstát den Aontas Eorpach (AE); an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na hÉireann, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn maille le



ceithre tír eile: an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

➤ CAD É AN RIALACHÁN MAIDIR LE BAINISTIÚ TEARMAINN AGUS IMIRCE?



Tháinig tíortha AE+ ar chomhaontú maidir le dlí coiteann ar a dtugtar an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce (RBTI). Cabhraíonn an dlí seo le cinneadh a dhéanamh maidir le cén tír atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Leis an dlí seo ceadaítear do thíortha AE+ cuidiú le chéile freisin má fhaigheann tír amháin an iomarca iarratas ag an am céanna.

Ráthaítear duit go scrúdóidh ceann de thíortha AE+ d'iarratas ach ní féidir leat a roghnú cén tír AE+ a bheidh freagrach as. Is de réir rialacha dhlí RBTI a chinnfear an tír a scrúdaíonn d'iarratas.

Má tá aon rud sa bhróisiúr seo nach dtuigeann tú, is féidir leat ceist a chur ar oifigeach inimirce.



I láthair na huaire, níl cinneadh á dhéanamh ag tíortha AE+ ach maidir le cé acu díobh atá freagrach as d'iarratas a scrúdú.

Má chinntear go bhfuil tír AE+ eile freagrach as d'iarratas a scrúdú, aistrefar chuig an tír sin thú.

➤ CAD IS ATHSHOCRÚ ANN?



Ceann de na bealaí ar féidir le tíortha Eorpacha cabhrú lena chéile is ea freagracht a ghlacadh as na nithe seo a leanas:

- iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu i dtír Eorpach eile faoi láthair
- daoine ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta dóibh le déanaí i dtír Eorpach eile.

Tugtar athshocrú air sin.

Má tá tú á mheas le haghaidh athshocrú, gheobhaidh tú bróisiúr ina mbeidh tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas seo, lena n-áirítear na tíortha Eorpacha a ghlacann páirt in athshocrú dar teideal **‘An fhaisnéis a theastaíonn uait maidir le hathshocrú’**.

⚠ TÁBHACHTACH! Má roghnaítear thú le haghaidh athshocrú, ní féidir leat an tír ina n-athshocraítear tú a roghnú.

DO CHEARTA AGUS TÚ AG FANACHT AR CHINNEADH MAIDIR LE CÉN TÍR AE+ A SCRÚDÓIDH D'IARRATAS



Má tá iarratas á dhéanamh agat ar chosaint idirnáisiúnta den chéad uair, tá sé de cheart agat **comhairleoireacht dhlíthiúil** saor in aisce a fháil. Is féidir leat é seo a iarraidh ar na húdaráis am ar bith.

Cuirfidh an comhairleoir dlí tú ar an eolas faoi do chearta agus tacóidh sé leat le linn an phróisis. Más rud é go bhfuil tú tar éis íoc as comhairleoir dlí a fhostú cheana féin, d'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh na húdaráis comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil duit. D'fhéadfaí comhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar fáil i suíomh grúpa ach ní roinnfidh an comhairleoir do chuid faisnéise príobháidí le daoine eile.

Is féidir leat comhairleoir dlí a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh leis na húdaráis ag Seirbhís Chomhairleoireachta Citywest an Bhoird um Chúnadh Dlíthiúil ag Ionad Fáiltithe Citywest



Táadfaidh tú ateangaire agus cásoifigeach fireann nó baineann a iarraidh má fhágann sé sin go mbeidh sé níos éasca duit labhairt faoi do chás. Urramóidh na húdaráis do mhian nuair is féidir.



Tá sé de cheart agat freisin nuashonrú a iarraidh ar an nós imeachta chun cinneadh a dhéanamh maidir le cén tír AE+ a scrúdóidh d'iarratas. Más mian leat nuashonrú a iarraidh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis trí ríomhphost a sheoladh chuig contact@ipo.gov.ie.



Tá sé de cheart agat teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) i rith aon chéim den nós imeachta tearmainn.

Cosnaíonn UNHCR leasanna agus cearta iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe.

Tá sonraí teagmhála UNHCR agus faisnéis faoin nós imeachta tearmainn le fáil ar leathanach gréasáin UNHCR: <https://help.unhcr.org/>.

Tá tuilleadh faisnéise faoin tacaíocht agus faoi na seirbhísí a gheobhaidh tú le fáil i mbróisiúr ar leith.

➤ CÉN ÁIT AR CHEART DUIT FANACHT AGUS TÚ AG FANACHT AR CHINNEADH MAIDIR LEIS AN TÍR AE+ A SCRÚDÓIDH D'IARRATAS?



- Tá dualgas ort fanacht sa tír seo i láthair na huaire.
- Ní cheadaítear duit taisteal go tír AE+ eile ach amháin má thugann na húdaráis cead duit é sin a dhéanamh.
- Má chinneann na húdaráis go scrúdóidh tír AE+ eile d'iarratas, socróidh na húdaráis do thaisteal chuig an tír sin.

➤ CAD A bhFUILTEAR AG SÚIL LEIS UAITSE SA PHRÓISEAS SEO?

Ní mór duit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Fan sa tír seo fad is atá d'iarratas cláraithe.
- ✓ Más rud é gur eisíodh víosa nó cead cónaithe duit roimhe seo, déan iarratas ar thearmann sa tír a d'eisigh é duit nuair a thagann tú chomh fada leis an tír sin.
- ✓ Cuir i láthair na doiciméid aitheantais go léir atá agat chun d'aitheantas a chruthú.
Má bhí doiciméad aitheantais agat agus mura bhfuil sé agat a thuilleadh, ba cheart duit a chur in iúl do na húdaráis fós gur chuir an rialtas i do thír ceann ar fáil duit san am a chuaigh thart.
- ✓ Cuir na húdaráis ar an eolas faoi am ar bith a thaistil tú chuig tír AE+ eile.
- ✓ Cuir na húdaráis ar an eolas má d'fhan tú i dtír AE+ gan chead.
- ✓ Cuir na húdaráis ar an eolas faoi aon gharghaolta atá agat i dtír AE+ eile.
- ⚠ **TÁBHACHTACH!** De réir an dlí, tá oibleagáid ort do mhéarloirg a thabhairt agus cead a thabhairt do ghrianghraf a ghlacadh.



CAD IAD NA DOICIMÉID NACH MÓR DUIT A THAISPEÁINT?

Roinn leis na húdaráis na doiciméid go léir atá agat leat maidir leis na nithe seo a leanas:



- d'aitheantas (teastas breithe, pas, cárta aitheantais)



- gargaolta i dtíortha AE+ (doiciméid oifigiúla, cruthúnas go bhfuil sibh i dteagmháil le chéile)



- tréimhsí fanachta roimhe seo i dtíortha AE+ (bunaithe ar chead cónaithe, ar víosa nó chun dioplóma scoile nó ollscoile a fháil).

An fhaisnéis sin a chur ar fáil a luaithe is féidir. Ar an mbealach sin, is féidir an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a shainaitheint níos tapúla.

➤ CÉN FÁTH A bhFUIL OIBLEAGÁID ORT DO MHÉARLOIRG A THABHAIRT AGUS DO GHRIANGHRAF A GHLACADH?



Tógfaidh na húdaráis sa tír seo do mhéarloirg agus glacfaidh siad do ghrianghraf. Déanfar na sonraí sin, mar aon le faisnéis faoi d'aitheantas agus faisnéis ábhartha eile, a tharchur chuig bunachar sonraí Eorpach comhroinnte ar a dtugtar Eurodac.

Baineann gach ceann den 31 tír AE+ úsáid as an mbunachar sonraí sin, ar féidir leo do shonraí a phróiseáil chun do chuid faisnéise a aisghabháil. Má bhogann tú chuig tír AE+ eile gan chead agus má thógtar do mhéarloirg arís, feicfidh údaráis na tíre sin do chuid sonraí go léir atá stóráilte in Eurodac.

Cuirtear tuilleadh faisnéise maidir le bunachar sonraí Eurodac ar fáil i mbróisiúr ar leith.



➤ CÉARD IAD NA hIARMHAIRTÍ MURA gCOMHLÍONANN TÚ DO CHUID OIBLEAGÁIDÍ?




Mura gcomhoibríonn tú leis na húdaráis, beidh iarmhairtí diúltacha aige sin ar d'iarratas.

Mura dtugann tú do mhéarloirg, féadfaidh na húdaráis teacht ar an gconclúid nach bhfuil suim agat a thuilleadh i dtearmann san Eoraip. Stadfaidh siad de d'iarratas a scrúdú, rud a chiallaíonn nach mbeidh sé de cheart agat fanacht sa tír sin a thuilleadh.

Má thaistealaíonn tú chuig tír AE+ eile gan chead nó má dhéanann tú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtír AE+ eile, is dócha go dtabharfar ar ais thú chuig an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú.

Má tá tú i láthair i dtír AE+ seachas an tír ina gceanglaítear ort a bheith i láthair, d'fhéadfadh do shaoirse a bheith srianta agus d'fhéadfá ní ba lú tacaíochta a fháil.



➤ CAD IS BRÍ LE COINNEÁIL?

Ciallaíonn coinneáil go gcuirtear tú i saoráid shonrach nach féidir leat a fhágáil faoi shaoirse. Ní mór go mbeadh cúis bhailí ag na húdaráis chun tú a choinneáil. Ní mór dóibh a bheith cinnte nach féidir aon rogha eile a dhéanamh i do chás. Déanfaidh na húdaráis meastóireacht ar do chás pearsanta sula ndéanfaidh siad cinneadh. Is féidir na cúiseanna seo a leanas a bheith le coinneáil, mar shampla:



- ní féidir gnéithe tábhachtacha de d'iarratas ar thearmann (d'aitheantas, mar shampla) a fhíorú gan choinneáil
- níor urramaigh tú an oibleagáid fanacht in áit shonrach, nó tá an baol ann go n-imeoidh tú arís agus nach mbeidh na húdaráis in ann dul i dteagmháil leat
- fuair tú cinneadh go n-aistreofaí thú chuig an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas ar thearmann a scrúdú, agus tá an baol ann go n-imeoidh tú roimh an aistriú
- tá riosca slándála ag baint leat.

Má choinnítear thú, is féidir leat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh agus cúnamh dlí agus ionadaíocht saor in aisce a iarraidh.

❗ TÁBHACHTACH! Má thaistealaíonn tú chuig tír AE+ eile gan chead, méadóidh sé an baol go gcoinneofar tú amach anseo.

➤ CONAS A CHINNEANN NA HÚDARÁIS CÉN TÍR AE+ A SCRÚDÓIDH d'IARRATAS?

Más é seo do chéad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtír AE+, tá roinnt cúiseanna ann go bhféadfadh tír AE+ áirithe a bheith freagrach as d'iarratas a scrúdú.

1) Naisc theaghlaigh



Is í an chéad chúis – agus an chúis is tábhachtaí – ná gur deonaíodh cosaint idirnáisiúnta do gharghaol cheana féin nó go bhfuil iarratas á dhéanamh acu faoi láthair ar chosaint idirnáisiúnta i dtír AE+ eile, agus ba cheart tú a athaontú leo sula scrúdáfar d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Meastar go bhfuil na daoine seo a leanas san áireamh i measc garghaolta:

- d'fhear céile nó do bhean chéile
- do pháirtí neamhphósta a bhfuil caidreamh cobhsaí agat leis nó léi
- do leanbh (faoi bhun 18 mbliana d'aois agus gan phósadh).

! TÁBHACHTACH! Ní mór duit a bheith in ann a chruthú a luaithe is féidir go raibh caidreamh agat leis an duine sin sular tháinig tú isteach i réigiún thíortha AE+. D'fhéadfadh an turas ó do thír bhaile a bheith san áireamh sa tréimhse sin.

Má tá ball teaghlaigh agat a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír AE+ eile, is é an bealach is fearr chun faisnéis a chur ar fáil ná an fhoirm ar a dtugtar an **'teimpléad um theaghlach a lorg'** a líonadh. Má tá ball teaghlaigh agat a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír AE+ eile agus mura bhfuil an fhoirm seo faighte agat fós, labhair le hoifigeach nó le do chomhairleoir dlí. Is féidir leo cabhrú leat an fhoirm a líonadh freisin.

Is féidir leat faisnéis níos mionsonraithe a fháil faoin bhféidearthacht athaontú le baill teaghlaigh sa chuid dar teideal **'Cén fhianaise is féidir leat a chur ar fáil chun a chruthú go bhfuil teaghlach agat i dtír AE+ eile?'**

2) Cead chun dul isteach i dtír AE+ shonrach

D'fhéadfadh tír AE+ a bheith freagrach as d'iarratas a scrúdú sna cásanna seo a leanas:



- tá víosa nó cead cónaithe i dtír AE+ áirithe agat
- tháinig tú isteach i dtír AE+ a raibh cead agat dul isteach inti gan víosa toisc go bhfuil comhaontú ag do thír bhaile leis an tír sin.

3) Cáilíocht nó dioplóma oideachais



- Bronnadh cáilíocht nó dioplóma ort tar éis duit staidéar a dhéanamh go pearsanta i saoráid oideachais i dtír AE+ ar feadh bliain acadúil amháin ar a laghad.

4) Iontráil neamhrialta i dtír AE+ shonrach

D'fhéadfadh tír AE+ eile a bheith freagrach as d'iarratas a scrúdú sna cásanna seo a leanas:



- thrasnaigh tú teorainn sheachtrach ceann de thíortha AE+ gan chead



- rinne údarais thír AE+ tú a tharrtháil ar muir ar do thuras chun na hEorpa



- rinne tú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcrios idirthurais aerfoirt i gceann de thíortha AE+.

5) Cúramóir agus ball teaghlaigh cleithiúnach a athaontú

Bíonn tú ag brath ar chúram baill teaghlaigh atá i dtír AE+ eile nó tá ball teaghlaigh agat i dtír AE+ a bhíonn ag brath ar do chúram.



D'fhéadfadh cúnamh a bheith ag teastáil ón mball teaghlaigh cleithiúnach mar gheall ar an méid seo a leanas:

- toircheas
- leanbh nuabheirthe a bheith acu
- tinneas meabhrach nó coirp tromchúiseach
- míchumas tromchúiseach
- tráma síceolaíoch dian
- seanaois.

I gcásanna spleáchais, ní mór duit a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil tú in ann aire a thabhairt don duine cleithiúnach nó go bhfuil do bhall teaghlaigh in ann aire a thabhairt duit.

6) Cúiseanna daonnúla

D'fhéadfadh cúis dhaonnúil a bheith ann a bhféadfadh tír AE+ ar leith scrúdú a dhéanamh ar d'iarratas. Is féidir é sin a bhunú ar na forais seo a leanas:

- cúiseanna teaghlaigh
- cúiseanna sóisialta
- cúiseanna cultúrtha.

Is féidir a iarraidh ar thír AE+ eile d'iarratas a scrúdú ar na cúiseanna thuas ach is faoin údarás sa tír sin a bheidh an cinneadh críochnaitheach.

➤ D'FHÉADFAÍ TÚ A CHUR FAOI AGALLAMH CHUN CABHRÚ LEAT A THUISCINT CÉN TÍR AE+ A SCRÚDÓIDH D'IARRATAS

Más é seo an chéad uair a dhéanann tú iarratas ar thearmann, ba cheart do na húdaráis agallamh pearsanta a eagrú.

! TÁBHACHTACH! Ní agallamh tearmainn a bheidh i gceist leis seo. Is é an aidhm atá leis an agallamh cinneadh a dhéanamh maidir le cén tír AE+ ar cheart di scrúdú a dhéanamh ar d'iarratas.

Tá ceithre phríomhaidhm leis an agallamh seo:


- chun faisnéis a bhailiú a chabhróidh leis na húdaráis cinneadh a dhéanamh maidir leis an tír AE+ atá freagrach
- chun ligean duit aon cheist a chur faoin gcaoi a gcuirtear an nós imeachta chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an tír AE+ atá freagrach i gcrích
- chun ligean duit ceisteanna a chur faoi aon fhaisnéis sa bhróisiúr seo
- chun fiafraí díot an bhfuil aon chúis ann nár cheart tú a aistriú chuig tír AE+ eile nó cén fáth ar cheart cead a bheith agat fanacht sa tír sin.

Reáchtálfar an t-agallamh i dteanga a dtuigeann tú go maith. Mura bhfuil Béarla agat, cabhróidh ateangaire leat cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis le linn an agallaimh.



Ní roinnfear aon chuid den fhaisnéis a gcuireann tú ar fáil leis an rialtas ná leis na húdaráis i do thír bhaile.

Má tá rud ar bith le linn an agallaimh nach bhfuil soiléir, is féidir leat ceistanna a chur. Tá sé tábhachtach duitse agus don oifigeach araon go dtuigeann tú gach rud, mar sin cuirtear fáilte i gcónaí roimh cheistanna.



Déanfar fuaim an agallaimh a thaifeadadh agus taispeánfar achoimre i scríbhinn duit ar an méid a dúradh.

Más rud é, tar éis duit an achoimre scríofa ar d'agallamh pearsanta a fháil, go gceapann tú go bhfuil aon chuid den fhaisnéis mícheart agus gur mhaith leat í a leasú, is féidir leat a iarraidh go ndéanfar é sin.

Más gá, is féidir leat doiciméid bhreise a sholáthar fós tar éis an agallaimh nó cúiseanna a thabhairt nár cheart tú a aistriú chuig tír AE+ eile.

má tá faisnéis nó doiciméid agat fós nár chuir tú isteach go fóill, ní mór duit iad a chur faoi bhráid na n-údarás.

Voit lähettää ne sähköiseen tiliisi kansainvälisen suojelun portaalissa tai sähköpostitse osoitteeseen contact@ipo.gov.ie.



AN nDÉANTAR AGALLAMH I gCÓNAÍ?

Más é seo an chéad uair a dhéanann tú iarratas ar thearmann, is féidir leis na húdaráis a roghnú fós gan agallamh pearsanta a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

- tá an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú ar eolas cheana féin
- tá dóthain faisnéise acu cheana féin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú
- níor fhreastail tú ar agallamh roimhe sin gan a chur in iúl do na húdaráis cén fáth nárbh fhéidir leat freastal air
- theip ort leanúint ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis.

Mura n-eagraítear agallamh, is féidir leat agallamh a iarraidh. Má cheapann na hoifigigh go bhfuil dóthain faisnéise acu cheana féin chun déileáil leo do chás, is féidir leo an t-iarratas seo a dhiúltú ach ní mór dóibh na cúiseanna atá acu gan an t-agallamh a dhéanamh a chur ar fáil.



CÉN FHIANAISE IS FÉIDIR LEAT A CHUR AR FÁIL CHUN A CHRUTHÚ GO bhFUIL TEAGHLACH AGAT I dtÍR AE+ EILE?

Is é an bealach is fearr chun faisnéis a chur ar fáil faoi do bhall teaghlaigh ná an fhoirm **‘teimpléad um theaghlach a lorg’** a líonadh.

Ina theannta sin, cuir aon doiciméad oifigiúil rialtais a d’fhéadfadh do chaidreamh a chruthú ar fáil. Is féidir leat cineálacha eile fianaise a sholáthar freisin, mar shampla fianaise chun a thaispeáint gur fhan tú i dteagmháil le do bhall teaghlaigh amhail grianghraif, ríomhphoist nó teachtaireachtaí téacs.



Mura bhfuil aon fhianaise agat faoi do chaidreamh, d’fhéadfadh na húdaráis iarraidh ort tástáil RNA a dhéanamh chun a chruthú go bhfuil gaol agat le duine éigin.

Ní féidir tú a athaontú le do bhall teaghlaigh ach amháin má dhearbhaíonn an bheirt agaibh i scríbhinn gur mian libh go n-athaontófaí sibh. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh an doiciméad seo a chur ar fáil i mBéarla, más féidir.

Tosaigh ag ullmhú na faisnéise sin a luaithe is féidir.



Má tá níos mó ceisteanna agat nó má tá comhairle uait maidir leis an bpróiseas athaontaithe teaghlaigh, is féidir leat cabhair a iarraidh ó chomhairleoir dlí.

Má tá ball teaghlaigh agat i dtír AE+ eile ach mura bhfuil tú i dteagmháil leis nó léi, tá eagraíochtaí ann a d’fhéadfadh cabhrú leat iad a aimsiú.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na heagraíochtaí sin tríd an bhfaisnéis thíos a úsáid:

Cuireann Cros Dhearg na hÉireann réimse tacaíochtaí ar fáil d’larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta. Téigh chuig [Find Missing Family - Irish Red Cross](#) le haghaidh eolais faoi rianú teaghlaigh.

➤ CÁ FHAD A THÓGFAIDH AN PRÓISEAS?



De ghnáth tógann an chumarsáid idir na tíortha idir **1 mhí go leith agus 3 mhí**, ach d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé sin ní b'fhaide ag brath ar do chás.



Má dheimhníonn tír AE+ eile go scrúdóidh sí d'iarratas, aistreofar thú **laistigh de 6 mhí** ón dáta ar ghlac sí leis an iarratas chun tú a aistriú.



Más amhlaidh gur tharla an t-iarratas toisc go bhfuil ball teaghlaigh agat i dtír AE+ eile, **caithfear leis an aistriú ar bhonn tosaíochta**



Má tá tú **faoi choinneáil faoi láthair nó má bheidh tú faoi choinneáil amach anseo**, déileálfar le do chás **ar bhonn práinne**. Ba cheart d'aistriú a eagrú laistigh de **5 seachtaine**. Mura ndéantar an t-aistriú laistigh de 5 seachtaine, scaoilfear saor ó choinneáil thú. Mar sin féin, socrófar d'aistriú fós **laistigh de 6 mhí** ón dáta a nglacfaidh an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú leis an iarratas.

Má tá tú i bpríosún mar gheall ar choir a dhéanamh, is féidir an teorainn ama don aistriú **a mhéadú go dtí 1 bhliain amháin ar a mhéad**.



! TÁBHACHTACH! Má imíonn tú, má théann tú i bhfolach ar na húdaráis nó mura gcomhoibríonn tú leis na húdaráis fad is atá an t-aistriú á eagrú, **is féidir an teorainn ama don aistriú a mhéadú suas go dtí 3 bliana ar a mhéad**.



CÉARD A THARLÓIDH MÁ TÁ IARRATAS AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA DÉANTA AGAT CHEANA FÉIN I DTÍR AE+?

Níl cead agat iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh ach i dtír AE+ amháin. Má tá iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta agat cheana féin i dtír AE+ eile, tabharfar ar ais thú chuig an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú.

Má tá faisnéis ann lena thaispeáint go bhfuil tír AE+ eile freagrach as d'iarratas a scrúdú, seolfar fógra chuig an tír sin. Má dhearbhaíonn an tír AE+ sin go scrúdóidh sí d'iarratas, cuirfear **cinneadh aistrithe** ar fáil duit ina luafar cén tír AE+ a n-aistreofar tú chuici.

Murab é seo an chéad uair a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta á dhéanamh agat, nó má cinneadh cheana féin go bhfuil tír AE+ eile freagrach as d'iarratas a scrúdú, b'fhéidir nach ndéanfaidh na húdaráis agallamh pearsanta leat.

Mar sin féin, beidh an deis agat a mhíniú cén fáth nár cheart tú a aistriú chuig an tír sin nó cén fáth ar cheart go mbeadh cead agat fanacht sa tír sin.

Tá faisnéis le fáil thíos maidir le conas an fhaisnéis seo a chur ar fáil:
Is féidir leat an fhaisnéis seo a sholáthar trí do chuntas leictreonach ar an Tairseach um Chosaint Idirnáisiúnta nó trí ríomhphost chuig contact@ipo.gov.ie.

➤ CAD A THARLAÍONN NUAIR A DHÉANTAR AN CINNEADH?

Má fhaigheann tú cinneadh aistrithe chun tú a aistriú chuig tír AE+ eile, cuirfear cuid de do chearta ar ceal, mar shampla:

- ní bhfaighidh tú **mórán seirbhísí agus cineálacha tacaíochta**
- ní bheidh **cead agat a bheith ag obair nó cúrsaí a dhéanamh**.



Ba cheart an t-aistriú a dhéanamh laistigh de 6 mhí ón dáta a ndearna an tír AE+ d'iarratas a dheimhniú nó ar ghlac sí leis chun é a scrúdú.

Má choinnítear thú, déileálfar le do chás ar bhonn práinne. Ba cheart d'aistriú a eagrú laistigh de 5 seachtaine. Mura ndéantar an t-aistriú laistigh de 5 seachtaine, scaoilfear saor ó choinneáil thú.

Socrófar d'aistriú fós laistigh de 6 mhí ón dáta a dheimhneoidh an tír AE+ nó a ghlacfaidh sí le d'iarratas chun é a scrúdú.

Má tá tú i bpríosún mar gheall ar choir a dhéanamh, is féidir an teorainn ama don aistriú a mhéadú suas go dtí 1 bhliain amháin ar a mhéad.

❗ TÁBHACHTACH! Má imíonn tú nó mura gcomhoibríonn tú leis na húdaráis, is féidir an teorainn ama don aistriú a mhéadú suas go dtí 3 bliana ar a mhéad.

➤ CAD A THARLAÍONN MURA nAONTAÍONN TÚ LEIS AN gCINNEADH AISTRITHE?



Má chinntear go bhfuil tír AE+ eile freagrach as d'iarratas a scrúdú, gheobhaidh tú **cinneadh aistrithe**. Cuirfidh an cinneadh seo in iúl duit cén tír a n-aistreofar tú chuici.

Mura n-aontaíonn tú le cinneadh aistrithe, is féidir leat na cúiseanna atá agat a chur ar fáil don chúirt. Tugtar achomharc a thaisceadh air sin. Nuair a dhéanann tú achomharc i gcoinne cinnidh, déanfaidh cúirt nó binse an cinneadh críochnaitheach.

Níl ach trí chúis ann le hachomharc a dhéanamh ar chinneadh aistrithe:

- maíonn tú go mbeadh sé i gcoinne do cheart daonna a bheith aistrithe chuig an tír AE+ áirithe sin
- tá faisnéis nua ann nach raibh ar fáil tráth an chinnidh aistrithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chinneadh sin
- tá baill teaghlaigh agat i dtír AE+ eile ar cheart tú a athaontú leo seachas sin.

Mura bhfuil sé d'acmhainn agat do chomhairleoir dlí féin a fhostú, cuirfear comhairleoir dlí ar fáil saor in aisce chun cabhrú leat leis an achomharc.

Gheobhaidh tú tacaíocht ó ateangaire a labhraíonn teanga ar féidir leat a thuiscint le linn an phróisis seo.





AN MÉID IS GÁ A BHEITH AR EOLAS AGAT FAOIN ACHOMHARC NUAIR A BHÍONN ACHOMHARC FIONRAÍOCHTA AGUS SUBSTAINTEACH SCARTHA

Míneofar an teorainn ama, cá háit agus conas achomharc a thaisceadh sa chinneadh aistrithe a chuirfear ar fáil duit.

Chun tús a chur leis, iarrfar ort an chúis nó na cúiseanna ar cheart cead a thabhairt duit fanacht sa tír seo a chur ar fáil fad a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le d'achomharc. **Tugtar** achomharc ar éifeacht fionraíochta air sin.

Cinnfidh an chúirt laistigh de **1 mhí amháin** ar cheart cead a bheith agat fanacht sa tír seo fad a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le d'achomharc.

Má chinneann an chúirt nár cheart go mbeadh cead agat fanacht sa tír seo fad a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le d'achomharc, aistreofar thú chuig an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú fad a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le d'achomharc.

Má chinneann an chúirt gur cheart cead a bheith agat fanacht sa tír seo fad is atá cinneadh á dhéanamh maidir le d'achomharc, iarrfaidh sí ort ansin an chúis nó na cúiseanna nach n-aontaíonn tú leis an gcinneadh aistrithe a lua. Déanfaidh an chúirt iarracht ansin cinneadh a chur ar fáil duit laistigh de **1 mhí amháin** ón uair a ndéantar an cinneadh maidir leis an achomharc ar éifeacht fionraíochta.

Mura nglactar le d'achomharc, aistreofar thú chuig an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú. Ba cheart an t-aistriú a dhéanamh laistigh de 6 mhí ón dáta a rinne an chúirt a cinneadh críochnaitheach.

Má tá tú faoi choinneáil faoi láthair nó má bheidh tú faoi choinneáil amach anseo, caithfear le do chás ar bhonn práinne. Ba cheart d'aistriú a eagrú laistigh de 5 seachtaine. Mura ndéantar an t-aistriú laistigh de 5 seachtaine, scaoilfear saor ó choinneáil thú. Mar sin féin, socrófar d'aistriú fós laistigh de 6 mhí ón dáta ar ghlac an tír AE+ atá freagrach as d'iarratas a scrúdú leis an iarratas.

TÁBHACHTACH! Ní mór duit comhoibriú leis na húdaráis má tá tír AE+ eile freagrach as d'iarratas a scrúdú.

➤ CAD IAD NA SONRAÍ PEARSANTA A BHAILEOFAR?



Baileoidh na hoifigh sa tír AE+ ina bhfuil tú ag fanacht faisnéis áirithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Do shonraí pearsanta agus sonraí pearsanta na mball teaghlaigh atá ag taisteal leat (ainm, náisiúntacht, dáta breithe agus áit bhreithe). Má d'úsáid tú ainmneacha agus sonraí difriúla roimhe seo, fiafróidh siad díot faoi sin.
 - Faisnéis faoi d'aitheantas agus faoi do dhoiciméid taistil.
- Aon fhaisnéis eile ar féidir léi d'aitheantas a dheimhniú, amhail do mhéarloirg.
 - Sonraí faoi aon bhall teaghlaigh atá ina gcónaí i dtír AE+ eile, amhail a gcuid sonraí pearsanta, an uair dheireanach a raibh tú i dteagmháil leo, a suíomh agus a stádas dlíthiúil.
 - Sonraí faoi aon doiciméad atá agat a chuir ar do chumas cónaí i dtír AE+ má tá feidhm leis sin i do chás.
 - Faisnéis faoi dhoiciméid a léiríonn go ndearna tú staidéar i dtír AE+ le breis agus bliain anuas.
 - Faisnéis faoi na tíortha ar thaistil tú tríothu chun an tír seo a bhaint amach.
 - D'imthosca pearsanta.
 - Dáta aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinneadh roimhe seo agus toradh na n-iarratas sin.

➤ CAD IAD NA CEARTA ATÁ AGAT MAIDIR LE DO SHONRAÍ PEARSANTA?

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar aon sonraí a chuir tú ar fáil do na húdaráis. Má chreideann tú go bhfuil aon cheann de do shonraí pearsanta míchruinn nó nár próiseáladh go dleathach iad, is féidir leat rochtain ar do shonraí pearsanta a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí chun a iarraidh go gceartófaí sonraí míchruinne nó go scriosfaí sonraí a próiseáladh go neamhdhleathach.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí sa tír seo tríd an bhfaisnéis thíos a úsáid.

International Protection Office, Immigration Service Delivery, 79-83 Lower Mount Street, Dublin 2, D02 ND99 or contact@ipo.gov.ie



An Roinn Dlí agus Cirt,
Gnóthaí Baile agus Imirce
Department of Justice,
Home Affairs and Migration

Is chun críocha faisnéise amháin atá an bróisiúr seo. Ní chruthaíonn sé cearta ná oibleagáidí ann féin. Is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a chuir an príomhábhar seo ar fáil, agus ní údaraíonn EUAA atáirgeadh agus athrú ar an mbróisiúr seo ach do Bhallstáit den Aontas amháin. Ní ghlacann EUAA le haon fhreagracht ná dliteanas as cruinneas, ábhar, iomláine, dlíthiúlacht ná iontaofacht na faisnéise atá curtha san áireamh sa bhróisiúr seo ag Ballstáit den Aontas nó ag aon tríú páirtí freagrach eile. Níl EUAA ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a fhéadfadh a bhaint as an bhfaisnéis atá le fáil sa bhróisiúr seo.